2024/889

18.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/889 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Márta 2024

lena gceartaítear an leagan Ollainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2866 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na nósanna imeachta a chinneadh chun fíorú inseirbhíse na luachanna astaíochtaí CO_2 agus ídithe breosla de ghluaisteáin paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma a dhéanamh (fíorú inseirbhíse)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO_2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(9), an tríú fomhír, agus Airteagal 13(4), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Ollainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2866 ón gCoimisiún ([2]), tá earráid in Airteagal 1(3), pointe (b), a mhéid a bhaineann leis na himthosca ar fúthu nach mbeadh feidhm ag an rialachán sin maidir le monaróirí áirithe. Déanann an earráid difear do shubstaint an ghnímh.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Ollainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2866 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Athrú Aeráide, arna seachadadh sular glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2866,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

([1]) IO L 111, 25.4.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/631/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2866 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na nósanna imeachta a chinneadh chun fíorú inseirbhíse na luachanna astaíochtaí CO_2 agus ídithe breosla de ghluaisteáin paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma a dhéanamh (fíorú inseirbhíse) (IO L, 2023/2866, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2866/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN